# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006**

## TÍREOLAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

**DÉ LUAIN, 12 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 GO 3.30**

**ROINN 2 (90 MARC)**


**Freagair** TRÍ **cheist**.

Tá **Roinn 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leithligh mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí. Cuimhnigh air, le do thoil, go gcaithfear an fillteán a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar.

1. AN AIMSIR, AN TURASÓIREACHT AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ TIONSCLAÍOCHA

**A Aimsir na hÉireann**

Taispeánann an **chairt aimsire** cioclón nó lagrach mór os cionn na hÉireann.




(i) Ainmnigh **gach** ceann de na gnéithe a bhfuil na lipéid **A, B** agus **C** orthu ar an gcairt.

(ii) Déan cur síos ar na dálaí aimsire a mbeifeá ag súil leo sa limistéar a bhfuil an lipéad **X** air ar an gcairt. Déan tagairt achomair i do fhreagra do bhrú an atmaisféir, do na scamall agus don fhrasaíocht.

(9)

**B. Aeráid agus Turasóireacht**

*"Cuidíonn an aeráid le turasóirí a mhealladh chuig áiteanna áirithe san Eoraip."*


Mínigh an ráiteas sin agus déan tagairt do thír nó do réigiún Eorpach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(11)

C. **Báisteach Aigéadach**

(i) Mínigh conas a fhéadann báisteach aigéadach teacht de bharr gníomhaíochtaí tionsclaíocha.

Taispeánann an léarscáil cnuasaigh de thionscail déantúsaíochta agus leibhéil na báistí aigéadaí in Iarthar na hEorpa.




(ii) An limistéar a bhfuil an lipéad X air ar an léarscáil, tá daonra íseal ann agus níl a lán tionscal ann.

Mínigh mar sin, cén fáth a bhfuil leibhéal ard den bháisteach aigéadach sa limistéar a bhfuil an lipéad X air.

(10)

**2. ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA, PRÓISIS AGUS DAOINE.**

**A. Síonchaitheamh i mBoirinn**

Taispeánann an grianghraf an dromchla ar chuid de Bhoirinn i gCo. an Chláir.



(i) **Ainmnigh** an cineál carraige a fhaightear sa cheantar a thaispeántar.

(ii) Deán **cur síos** iomlán ar an gcineál síonchaithimh a tharlaíonn sa cheantar a thaispeántar.

(8)

**B. Scéim Hidrileictreachais**

Taispeánann an grianghraf damba agus stáisiún hidrileictreachais ar abhainn in Éirinn.



(i) Ainmnigh sochar eacnamaíoch **amháin agus** sochar timpeallachta **amháin** a ghabhann leis an hidrileictreachas.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** agóid a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcoinne forbairt scéim hidrileictreachais cosúil leis an gceann a thaispeántar.

(10)

## C. Ídiú Acmhainne Nádúrtha

Taispeánann tábla na bhfigiúirí an t-athrú a tháinig, le himeacht ama, ar ghabháil na scadán i gcuid den Mhuir Cheilteach amach ó chósta na hÉireann. *(*Ina mílte tona a thugtar an ghabháil.)*

| BLIAIN | GABHÁIL BHLIANTÚIL* | BLIAIN | GABHÁIL BHLIANTÚIL* | BLIAIN | GABHÁIL BHLIANTÚIL* |
|---|---|---|---|---|---|
| 1970 | 26.7 | 1980 | 6.3 | 1990 | 12.2 |
| 1971 | 24.9 | 1981 | 6.4 | 1990 | 11.9 |
| 1972 | 23.4 | 1982 | 6.8 | 1991 | 13.7 |
| 1973 | 22.6 | 1983 | 7.1 | 1992 | 10.4 |
| 1974 | 19.3 | 1984 | 7.5 | 1993 | 8.2 |
| 1975 | 17.2 | 1985 | 7.9 | 1994 | 7.6 |
| 1976 | 13.6 | 1986 | 10.0 | 1995 | 6.2 |
| 1977 | 11.0 | 1987 | 11.7 | 1996 | 6.0 |
| 1978 | 10.7 | 1988 | 12.0 | 1997 | 6.5 |
| 1979 | 6.7 | 1989 | 11.9 | 1998 | 6.6 |


(i) Cén fhianaise atá ar fáil ón tábla figiúirí sin a thaispeánann go bhfuil na stoic éisc á n-ídiú le himeacht ama sna farraigí amach ó Éirinn?

(ii) Déan cur síos ar **thrí** chúis le hídiú na stoc éisc in uiscí na hÉireann.

(12)

## 3. ÉAGOTHROIME

### A. Ionchas saoil agus rátaí básmhaireachta leanaí.




De réir an eolais a thugtar sna graif thuas:


(i) Cé acu ceann de na tíortha ainmnithe is mó atá forbartha?

(ii) Cé acu ceann de na tíortha ainmnithe is lú atá forbartha?

(iii) Tabhair **dhá** chúis a bhfuil ionchas saoil níos airde i dtíortha an Chéad Domhain (An Tuaisceart) ná i dtíortha an Tríú Domhain (An Deisceart). (8)

*Leantar le Ceist 3 ar an gcéad leathanach eile* ➔

**B.** **Cathracha an Deiscirt**




Scrúdaigh na líneghraif, a thaispeánann fás an daonra i dtrí chathair mhóra sa Tríú Domhan:

(i) Cuir na cathracha seo san ord 1, 2 agus 3 de réir ráta fáis an daonra iontu. (Cuir an chathair leis an ráta fáis is tapúla ag 1.)


(ii) Cén bhliain a dtáinig Bombay aníos le Buenos Aires ó thaobh daonra de?

(iii) Maidir le **cathair amháin ar bith** ón Tríú Domhan, a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, déan cur síos ar dhá fhadhb a thagann de bharr fhás tapa an daonra inti.

(12)

**C.** **Éagothroime laistigh de Stáit Eorpacha**

Déan staidéar ar an léarscáil a thaispeánann cuid de na réigiúin is saibhre agus cuid de na réigiúin is boichte san Eoraip:




(i) Ainmnigh **dhá** cheann de na réigiún is boichte a thaispeántar ar an léarscáil.

(ii) Maidir le ceann **amháin** de na réigiúin is boichte atá ainmnithe agat, déan cur síos ar **dhá** chúis a bhfuil sé bocht.


(10)

## 4. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA

**Freagair TRÍ CINN AR BITH de na ceisteanna A – D thíos.**

### A. Fás Cathracha

Taispeánann an dá léarscáil fás Bhaile Átha Cliath idir 1936 agus 1988.




(i) Déan tagairt do léarscáil amháin díobh nó don dá cheann agus:

- Mol cúis **amháin** le fás tapa Bhaile Átha Cliath san áit a bhfuil an lipéad **X** air.
- Mol cúis **amháin** leis an bhforbairt níos moille i mBaile Átha Cliath san áit a bhfuil an lipéad **Y** air.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** chúis eacnamaíocha leis an bhfás a tháinig ar chathair **amháin ar bith** in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(10)

### B. Aerfótagraf


Déan staidéar ar an aerfótagraf de Chill Airne a tugadh duit.
Tarraing <u>sracléarscáil</u> den cheantar a thaispeántar ar an aerfótagraf.
Ar do shracléarscail, **taispeáin agus ainmnigh** na gnéithe seo a leanas:

- **Dhá** shráid atá ag cónascadh le chéile
- Carrchlós mór
- Eaglais
- Ceantar mór faoi choillearnach dhuillsilteach.

(10)

C. **Tosca a mbíonn tionchar acu ar aeráid**

Scrúdaigh an léarscáil a thaispeánann cuid den Eoraip.




(i) Luaigh cé acu ceann den dá áit, A nó B, a mbíonn an geimhreadh níos fuaire ann agus an samhradh níos teo, agus mínigh cén fáth.

(ii) Mínigh conas a rachadh an ghnáthghaoth, a bhfuil an lipéad X uirthi, i bhfeidhm ar aeráid na dtailte a séideann sí tharstu. (10)

D. **Imirce an Duine**

(i) Mínigh an chiall atá le **gach** ceann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le himirce an duine:

- Tosca brú san imirce
- Tosca Tarraingthe san Imirce
- Bacainní ar imirce

Léigh an sliocht thíos

Nuair a d'fhág Bríd Ní Laoghaire an baile in Iarthar Chiarraí in 1851, is ar éigean a bhí go leor le hithe ann. Tar éis dá fear chéile bás a fháil i dtionóisc iascaireachta amach ón mBlascaod Mór, ní raibh an dara rogha ag Bríd ach a deirfiúr is sine, Máire, a leanúint go Bostún. Bhí Bríd in ann an turas a dhéanamh toisc gur chuir Máire chuici an táille – spré bheag de naoi bpunt – chun go bhféadfadh sí seoladh go Bostún ó Bhaile na Banríona (Cóbh) i gContae Chorcaí. Slán a fhágáil lena tuismitheoirí, a bhí ag dul in aois, ba é sin an rud ba dheacra do Bhríd agus í ag imeacht; cé gur ghlac sí misneach as an seans a bhí aici ar phost a fháil mar chailín aimsire i gcistin an tí chéanna ina raibh an post ardchéime mar bhean tí chúnta ag Máire. Ar an oíche sular fhág sí, tionóladh "tórramh Meiriceánach" in áitreabh Bhríd lasmuigh de Bhaile an Fheirtéaraigh. Ansin d'imigh iníon eile de chuid na hÉireann leis an slua sin a bhí ag síormhéadú, ag imeacht leo go talamh iasachta.

**Arna aistriú ó *An Irish Emigrant's Story***

(ii) Sainaithin **sampla amháin de thoisc bhrú, sampla amháin de thoisc tharraingthe** agus **sampla amháin de bhacainn** ar imirce, a bhfuil gach ceann díobh luaite sa sliocht thuas.

(iii) Ainmnigh bacainn amháin eile ar imirce, nach luaitear sa sliocht (10)

## 5. LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF

**A.** Cad é an treo ó Brown Isd. (V923 897) go Cow Isd. (V 955 874) ar an **léarscáil S.O?** (3)

**B.** Mínigh cén fáth nach bhfuil lonnaíocht ar bith ach ar éigean i n**gach** ceann de na háiteanna seo a leanas ar an **léarscáil S.O**:

- Ag V 89 88
- Ag V 961 891 (6)

**C.** Déan tagairt don **léarscáil S.O.** agus mínigh **dhá** chúis dhifriúla a bhfuil Cill Airne agus an dúiche máguaird ina gceantar mór turasóireachta. (12)

**D.** Scrúdaigh an **t-aerfótagraf.** Samhlaigh gur moladh monarcha ríomhairí a thógáil sa pháirc sa chianchúlra ar dheis de fhótagraf. An gceapann tú gur ceantar oiriúnach é sin dá leithéid de mhonarcha? Tabhair **dhá** argóint chun tacú le do fhreagra. Déan tagairt don fhótagraf i do chuid argóintí. (9)

# Leathanach Bán